View in browser

24 Feabhra 2022

# Scéal, Scéal, Scéal...

- Scéilíní, nuaíocht agus fógraí as Cois Fharraige -

Eagrán 86








## CAIFE LITRÍOCHTA NA GAELTACHTA

Tá Oifigigh Pleanála Teanga na hÉireann tagtha le chéile arís le sraith cainteanna ar réimsí éagsúla litríochta a reáchtáil. Cuirtear aoichainteoir ar leith i láthair chuile sheachtain. 'Siad Oifigigh Pleanála Teanga Chois Fharraige a bheas á óstáil an tseachtain seo chugainn. Cuirfear fáilte roimh Thraolach Ó Conghaile ar an Máirt 1ú Márta. Beidh na hEalaíona Béil, le béim ar leith ar Agallaimh Bheirte agus Lúibíní á bplé ag Traolach. Cuirfear tús leis an seisiún @ 7i.n. Is féidir clárú do na seisiúin anseo.

## SCOLÁIREACHTAÍ DO CHÚRSA CEANNAIREACHTA LE BRONNADH

Tá dhá scoláireacht do Chúrsa Ceannaireachta le Coláiste Uisce á thairiscint ag Fóram Chois Fharraige um Pleanáil Teanga. Beidh na scoláireachtaí seo á bhronnadh ar bheirt dhéagóirí as Limistéir Chois Fharraige, sin ó Ros a' Mhíl go dtí Na Forbacha. Tugann an cúrsa seo deis do dhaoine óga scileanna ceannaireachta agus scileanna cumarsáide a chothú agus a fhorbairt i suíomh dearfach foghlama. An príomhsprioc atá ag an gcúrsa seo ná muinín a thabhairt do dhaoine óga a bheith neamhspleách agus muiníneach. Le suim a léiriú sa chúrsa ceannaireachta, nó le tuilleadh eolais a fháil, is féidir teagmháil a dhéanamh leis na hOifigigh Pleanála Teanga ag ocptchoisfharraige@gmail.com roimh an Aoine 4ú Márta 2022.




## LE CION AR JOE

Cuirfidh **Aisteoirí an Spidéil** an seó ómóis '*Le Cion ar Joe*', ar stáitse i Seanscoil Sailearna ar an 17ú agus an 18ú Márta. Bhí an seó réitithe le dul ar an ardán mar chuid de Fhéile Chois Fharraige, mí na Samhna seo caite, ach socraíodh é a chur ar athló, nuair ab éigean clár na féile a leasú de bharr cúrsaí sláinte poiblí. Seó ilmheáin atá ann ina léireofar blaisíní de shaothar Joe Steve Ó Neachtain idir fhilíocht, prós, drámaíocht agus fealsúnacht. Tá os cionn scór duine ag cleachtadh go dian faoi láthair faoi stiúir Mhike P. Ó Conaola. Beidh míreanna físe agus fuaime, chomh maith le míreanna drámaíochta, aithriseoireachta, amhráin, ceoil agus agallamh beirte ar chlár na hoíche. Is féidir ticéid a chur in áirithe ach glaoch ar .



## SUATHAIREACHT DO LEANAÍ

Tá cúrsa nua suathaireachta do leanaí, faoi stiúir an teiripeoir cáilithe Áine Ní Chuirrín, á reáchtáil ag Tuismitheoirí na Gaeltachta. In ionad Splanc ar an gCeathrú Rua a bheas na seisiúin ar siúl agus cuirfear tús leo ar an gCéadaoin 2ú Márta. Leanfaidh an chéad chúrsa ar aghaidh ar feadh 5 seachtaine ar chostas de €50. Táthar ag súil go mbeidh an tseirbhís seo á sholáthar i gceantair éagsúla eile ina dhiaidh sin. Is féidir tuilleadh eolais a fháil ach teagmháil a dhéanamh le aisling@tuismitheoiri.ie Is í an Ghaeilge teanga na hócáide agus iarrtar cloí leis sin.

## TAISCE CHOIS FHARRAIGE

Tá taisce eolais á cur i dtoll a chéile ag Ceoltóirí Óga Chois Fharraige faoi na ceoltóirí, na hamhránaithe, na damhsóirí, na scríbhneoirí agus na scéalaithe a bhfuil, nó a raibh, cónaí orthu i gCois Fharraige. Crochfar an taisce eolais ar shuíomh idirlín, áit a mbeidh teacht ag an bpobal air agus ag lucht suime an

chultúir Ghaelaigh. "Is togra é seo atá dírithe ar an teaghlach agus cé go bhfuil tús curtha ag Ceoltóirí Óga Chois Fharraige leis an obair, tá sé oscailte do chomhluadair eile sa bpobal agus chuirfimis fáilte is fiche roimh dhuine ar bith a bheadh sásta alt a scríobh nó pictiúir a sholáthar nó saineolas áitiúil a roinnt", a deir Odí Ní Chéilleachair, comhordaitheoir an togra. Tá cúnamh agus tacaíocht faighte ag an togra ó Chumann Forbartha Chois Fharraige, Comhar Creidmheasa Cholmcille, Comhairle Chontae na Gaillimhe, Comharchumann Shailearna Teo., Fóram Chois Fharraige um Pleanáil Teanga chomh maith le RTÉ Raidió na Gaeltachta, Traidphicnic, Ollscoil na hÉireann, Gaillimh agus Cló Iar-Chonnacht. Tá tuilleadh eolais ar fáil ach ríomhphost a chur chuig taiscecf@gmail.com nó glaoch ar 086-4567806

## FOSCADH

Beidh an scannán FOSCADH a stiúraigh Seán Breathnach agus Dónall Ó Héalaí sa bpríomhpháirt, á thaispeáint i Seanscoil Sailearna ar an Déardaoin 3ú Márta mar chuid d'imeachtaí Sheachtain na Gaeilge 2022. Is i gceantar Dúiche Sheoighe a deineadh an scannán. Scéal brónach é seo faoi fhear óg simplí a thagann faoi bhrú nuair a fhaigheann a thuismitheoirí bás agus é fágtha as féin, le talamh sléibhe a dhíol le haghaidh muilte gaoithe.  Moltar do dhaoine a bheas ag iarraidh an scannán a fheiceáil ticéad a cheannach roimh ré. Tá córas simplí ann le ticéad a cheannach ar an suíomh WWW.CLUBSCANNAN.IE.





## CRANNCHUR MÓR NA MBREATHNACH

Tá crannchur mór á eagrú arís i mbliana ag Cumann Micheál Breathnach le airgead a bhailiú le dul i dtreo reáchtáil an chlub. Mar a bhí anuraidh, tá dhá chuid sa gcrannchur: beidh tarraingt áitiúil ann ar an Domhnach 20ú Márta. Ansin, cuirfear na ticéid ar aghaidh go Páirc an Chrócaigh le haghaidh tarraingt náisiúnta ar an 2ú Meitheamh le haghaidh duaiseanna móra. I mbliana tá 65 duais le dáileadh amach sa gcrannchur áitiúil, curtha ar fáil go fial ag comhlachtaí áitiúla. Is fiú €250 cuid de na dearbháin atá le bronnadh ar bhuaiteoirí. Níl ach €10 ar thicéad agus beidh siad á ndíol ag baill an chlub as seo go ceann cúpla seachtain.

## DIANCHÚRSA I LÉIRIÚCHÁN TEILIFÍSE

Tá dianchúrsa deich seachtaine i léiriúchán teilifíse, le tréimhse taithí oibre ceithre seachtaine ag a dheireadh, á reáchtáil ag **Acadamh Atlantach**. Léireofar scileanna praiticiúla agus cruthaitheacha a thabharfaidh an cumas agus an dúil do na rannpháirtithe tabhairt faoi ghairm in earnáil na teilifíse agus scannánaíochta. Beidh aoichainteoirí ón earnáil, Passport to Production le Fís Éireann agus oiliúint i gcúrsaí fuaime, eagarthóireachta, dlí na meáin, soilsiú

agus go leor gnéithe eile sa gcúrsa. Tá an clár dírithe ar dhaoine a bhfuil líofacht Ghaeilge acu. Cuirfear an clár i láthair go dátheangach. Tá an clár seo á reáchtáil i gcomhar le Mol Criúnna Scannán agus Teilifíse na nAcadamh Náisiúnta Tallainne atá á bhainistiú ag Acadamh Atlantach agus Gréasán na Meán Skillnet. Seol litir iarratais chomh maith le cóip de do CV chuig dlt@atlanticacademy.ie roimh an Aoine 25 Feabhra 2022 @ 5i.n le cur isteach ar an gcúrsa.





## SCÉIM NA BHFÉILTE

Tá **Scéim na bhFéilte** de chuid Ealaín na Gaeltachta, oscailte d'fhéilte ealaíona Gaeltachta atá á reáchtáil agus á gcur i láthair trí mheán na Gaeilge. Ní mór don chlár imeachtaí a bheith cruthaitheach agus samhlaíoch agus ar ard-chaighdeán agus ní foláir páirtíocht a bheith ag ealaíontóirí gairmiúla ann freisin. Is féidir foirm iarratais agus tuilleadh eolais a fháil anseo. 'Sé an Luan 7ú Márta an spriocdháta le hiarratas a dhéanamh.

## COMÓRTAS LITEARTHA 2022

Is féidir iarratas a dhéanamh anois ar Chomórtas Liteartha an Oireachtais 2022. Is iomaí catagóir éagsúil atá sa gcomórtas do scríbhneoirí idir óg agus níos sine. Glacfar le ficsean, saothar próis, filíocht, gearrscéalta, drámaí raidió, iriseoireacht agus scripteanna greannáin/gearrscannáin. Is féidir níos mó eolais faoi na catagóirí éagsúla, chomh maith leis na critéir agus foirm iarratais a bhaineann leis an gcomórtas a fháil anseo.

Ba mhaith liom go gcuirfí ar an liosta teagmhála mé.

Fóram Chois Fharraige um Pleanáil Teanga CTR

Inis Fáil, An Spidéal, Co. na Gaillimhe
H91 X63V

083 010 6294

Muna mian leat cóip den nuachtlitir seo a fháil, seol teachtaireacht chuig optchoisfharraige@gmail.com agus bainfear den liosta poist thú.

Ba mhaith liom m'ainm a bhaint ón liosta

mailer lite